**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0035/2024**

14.2.2024

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí
(COM(2023)661 – C9-0391/2023 – 2023/0378(COD))

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir don tuairim: Clara Aguilera



Aontaithe san éagsúlacht

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach.*** Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................27

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...........................................................................................................................29

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ...................................................................30

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........32

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir chríochaithe agus suirbhéanna lotnaidí**
**(COM(2023)661 – C9-0391/2023 – 2023/0378(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)661),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0391/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Nollaig 2023,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0035/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a ***theorannú.*** | (1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach na ceanglais sin a chuíchóiriú ***agus nósanna imeachta comhchuibhithe, caighdeánaithe agus digitithe a chur chun cinn*** chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun ***maorlathas a laghdú*** agus an t-ualach riaracháin agus ***airgeadais á theorannú ag an am céanna.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Tá gá le soiléireacht, trédhearcacht agus comhleanúnachas feabhsaithe chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo chun feidhme i gceart toisc go bhfuil plandaí sláintiúla ríthábhachtach do tháirgeadh talmhaíochta agus gairneoireachta inbhuanaithe agus go gcuireann siad le slándáil bia agus le sábháilteacht bia.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Ba cheart cistiú poiblí*** |

| | |
|---|---|
| | ***leordhóthanach a áirithiú chun ráigeanna lotnaidí agus galar díobhálach do phlandaí barr a bhainistiú go rathúil, chomh maith le taighde agus nuálaíocht a spreagadh sa réimse sin. Tá sé ríthábhachtach dul i ngleic leis na naisc idir plandaí, ainmhithe, éiceachórais agus sláinte phoiblí ó thaobh Aon Sláinte Amháin de. Dá bhrí sin, ba cheart comhpháirtíochtaí Eorpacha maidir le sláinte plandaí a spreagadh de réir shampla na comhpháirtíochta Eorpaí maidir le sláinte agus leas ainmhithe a chistítear tríd an gClár Réime Fís Eorpach.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Mar a léiríodh le linn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031, is éifeachtaí, chun beartas fíteashláintíochta a chomhordú ar leibhéal an Aontais, na limistéir chríochaithe a chur ar an eolas díreach tar éis a mbunaithe. Má chuireann Ballstát na limistéir chríochaithe in iúl láithreach do na Ballstáit eile, cuidíonn an Coimisiún agus na hoibreoirí gairmiúla le bheith ar an eolas faoi láithreacht agus leathadh na lotnaide lena mbaineann agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad bhearta eile a bheidh le glacadh. Dá bhrí sin, ba cheart le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031 oibleagáid a bhunú ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir leis na limistéir chríochaithe go díreach tar éis a mbunaithe, mar aon leis na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach arna ndéanamh. ***Ní chuirtear*** aon ualach riaracháin nua leis an oibleagáid sin, toisc gur oibleagáid atá ann cheana a leagtar amach in Iarscríbhinn I, pointe 7.1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme | (5) Mar a léiríodh le linn chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031, is éifeachtaí, chun beartas fíteashláintíochta a chomhordú ar leibhéal an Aontais, na limistéir chríochaithe a chur ar an eolas díreach tar éis a mbunaithe. Má chuireann Ballstát na limistéir chríochaithe in iúl láithreach do na Ballstáit eile, cuidíonn an Coimisiún agus na hoibreoirí gairmiúla le bheith ar an eolas faoi láithreacht agus leathadh na lotnaide lena mbaineann agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis na chéad bhearta eile a bheidh le glacadh. Dá bhrí sin, ba cheart le hAirteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031 oibleagáid a bhunú ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir leis na limistéir chríochaithe go díreach tar éis a mbunaithe, mar aon leis na lotnaidí lena mbaineann agus na bearta faoi seach arna ndéanamh. ***Níor cheart*** aon ualach riaracháin ***nó airgeadais*** nua a chur leis an oibleagáid sin, toisc gur oibleagáid atá ann cheana a leagtar amach in Iarscríbhinn I, pointe 7.1, a ghabhann le Rialachán Cur |

| | |
|---|---|
| (AE) 2019/1715[10] ón gCoimisiún é fógra a thabhairt láithreach faoi limistéir chríochaithe agus go bhfuil sí á cleachtadh ag na Ballstáit uile faoi láthair. Ach an oibleagáid sin a leagan amach in Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, cuirfear tuilleadh feabhais ar shoiléireacht na rialacha is infheidhme maidir le limistéir chríochaithe, agus ba cheart an oibleagáid faoi seach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 a bhaint chun forluí na bhforálacha faoi seach a sheachaint. | Chun Feidhme (AE) 2019/1715[10] ón gCoimisiún é fógra a thabhairt láithreach faoi limistéir chríochaithe agus go bhfuil sí á cleachtadh ag na Ballstáit uile faoi láthair. Ach an oibleagáid sin a leagan amach in Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, cuirfear tuilleadh feabhais ar shoiléireacht na rialacha is infheidhme maidir le limistéir chríochaithe, agus ba cheart an oibleagáid faoi seach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 a bhaint chun forluí na bhforálacha faoi seach a sheachaint. |
| __________________ | __________________ |
| [10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán IMSOC) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37). | [10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna an chórais (Rialachán IMSOC) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37). |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an leasú ar Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, ba cheart na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 19(2) agus deireadh a chur leis na limistéir chríochaithe dá dtagraítear in Airteagal 19(4) a dhéanamh freisin tríd an gcóras leictreonach fógraí dá dtagraítear in Airteagal 103 den Rialachán sin.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) Mar is léir ón taithí a fuarthas, tá cúnamh ó shaineolaithe de dhíth ar na Ballstáit uaireanta chun go mbeifear in ann gníomhaíocht mhear a dhéanamh i gcoinne ráigeanna nua lotnaidí áirithe ina gcríocha. Dá bhrí sin, ba cheart Foireann Éigeandála Sláinte Plandaí an Aontais ('an Fhoireann') a chruthú chun cúnamh práinneach a sholáthar do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagail 10 go 19, 27 agus 28 de Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, agus maidir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin. Chun críoch an Aontais a chosaint ar ráigeanna a d'fhéadfadh a bheith i dtríú tíortha a bhfuil teorainn acu le críoch an Aontais nó a bhfuil gar-riosca fíteashláintíochta ag baint leo don chríoch sin, ba cheart don Fhoireann a bheith ar fáil freisin chun cúnamh práinneach a thabhairt do thríú tíortha, más gá, maidir le ráigeanna ina gcríocha de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais agus lotnaidí atá faoi réir na mbeart a ghlactar de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6c) Chun feidhmiú iomchuí na Foirne a áirithiú, ba cheart rialacha a bhunú maidir lena ceapadh, lena comhdhéanamh agus lena maoiniú ag an gCoimisiún. Ar mhaithe le comhordú agus éifeachtúlacht níos fearr, ba cheart don Choimisiún comhaltaí na Foirne a cheapadh i gcomhairle leis na Ballstáit nó*** |

***leis na tríú tíortha lena mbaineann, as measc saineolaithe arna moladh ag na Ballstáit, agus ba cheart go mbeadh speisialtachtaí éagsúla a bhaineann le sláinte plandaí ag na saineolaithe sin.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) I gcomhréir le hAirteagal 22(3), Airteagal 24(2) agus Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, torthaí na suirbhéanna a rinneadh an bhliain féilire roimhe sin, maidir le lotnaidí áirithe a bheith laistigh de chríoch an Aontais. Is lotnaidí coraintín de chuid an Aontais iad sin, lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagail 29 agus 30 de Rialachán (AE) 2016/2031, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta faoi seach. Thairis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do na Ballstáit, arna iarraidh sin, fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena gcláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, nuair a bhunófar iad. | (7) I gcomhréir le hAirteagal 22(3), Airteagal 24(2) agus Airteagal 34(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún agus do na Ballstáit eile, faoin 30 Aibreán gach bliain, torthaí na suirbhéanna a rinneadh an bhliain féilire roimhe sin, maidir le lotnaidí áirithe a bheith laistigh de chríoch an Aontais. Is lotnaidí coraintín de chuid an Aontais iad sin, lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagail 29 agus 30 de Rialachán (AE) 2016/2031, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta faoi seach. Thairis sin, agus i gcomhréir le hAirteagal 23(2) de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór do na Ballstáit, arna iarraidh sin, fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir lena gcláir ilbhliantúla shuirbhéireachta, nuair a bhunófar iad. ***Chun cuíchóiriú agus digitiú na n-oibleagáidí tuairiscithe a fheabhsú, ba cheart na hAirteagail lena mbaineann a leasú trí na forálacha a chur leo go bhfuil na fógraí sin le cur isteach tríd an gcóras leictreonach fógraí dá dtagraítear in Airteagal 103 den Rialachán sin.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) I gcomhréir le hAirteagal 23(1), an tríú fomhír, tá na cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta le bunú ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. ***Mar is léir ón taithí a fuarthas ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031, teastaíonn níos mó ama ó na Ballstáit chun na cláir sin a dhearadh agus a fhorbairt i gceart. Dá bhrí sin, agus*** chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla a laghdú, ba cheart síneadh 10 mbliana a chur leis an tréimhse sin. ***Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart a shonrú go mbunófar na cláir sin arís ar feadh tréimhsí comhleanúnacha 10 mbliana ina dhiaidh sin, agus rachaidh an chéad tréimhse in éag an 14 Nollaig 2029, eadhon 10 mbliana tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/2031.*** | (8) I gcomhréir le hAirteagal 23(1), an tríú fomhír, tá na cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta le bunú ar feadh tréimhse idir cúig bliana agus seacht mbliana. Chun ***dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an gclár ilbhliantúil suirbhéireachta a chur chun feidhme agus*** chun an t-ualach riaracháin ar na húdaráis inniúla a laghdú, ba cheart síneadh 10 mbliana a chur leis an tréimhse sin, ***ach í a bheith faoi réir athbhreithnithe agus nuashonraithe ag an am céanna.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Le linn chur chun feidhme na forála sin, chuir Ballstáit áirithe a n-amhras in iúl maidir le raon feidhme beacht an téarma 'bearta', agus go háirithe cibé an mbaineann sé le gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs allmhairí nó gluaiseachta inmheánaí earraí, d'fhonn teacht isteach agus leathadh na lotnaide faoi seach i gcríoch an Aontais a chosc. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus iomláine dhlíthiúil, ba cheart Airteagal 30(1) a leasú chun a léiriú go sonrach go bhféadfadh sé go n-áireofaí leis na bearta sin toirmeasc ar ***láithreacht na lotnaide*** faoi seach i gcríoch an Aontais, agus ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí | (10) Le linn chur chun feidhme na forála sin, chuir Ballstáit áirithe a n-amhras in iúl maidir le raon feidhme beacht an téarma 'bearta', agus go háirithe cibé an mbaineann sé le gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhthéacs allmhairí nó gluaiseachta inmheánaí earraí, d'fhonn teacht isteach agus leathadh na lotnaide faoi seach i gcríoch an Aontais a chosc. Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil agus iomláine dhlíthiúil, ba cheart Airteagal 30(1) a leasú chun a léiriú go sonrach go bhféadfadh sé go n-áireofaí leis na bearta sin toirmeasc ar ***lotnaidí faoi seach a thabhairt isteach, a ghluaiseacht laistigh, a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh*** i gcríoch an Aontais, agus |

| | |
|---|---|
| agus réad eile laistigh den Aontas. | ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh den Aontas, ***i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/829 ón gCoimisiún.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Mar sin féin, níl aon cheanglas ann fógra a thabhairt faoi ***shárú ar*** na rialacha faoi seach in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhaineann le bearta chun láithreacht lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (‘RNQPanna’) a chosc ar phlandaí le haghaidh plandú. | (12) Mar sin féin, níl aon cheanglas ann fógra a thabhairt faoi ***neamhchomhlíonadh na*** rialacha faoi seach in Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhaineann le bearta chun láithreacht lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (‘RNQPanna’) a chosc ar phlandaí le haghaidh plandú ***os cionn na dtairseach sonraithe nuair a tugadh isteach i gcríoch an Aontais, nó a aistríodh laistigh di, iad.*** |
| Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú, trína fhoráil, i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le RNQPanna, go nglacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, agus go dtabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras leictreonach fógraí dá dtagraítear in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2016/2031. | Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2016/2031 a leasú, trína fhoráil, i gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le RNQPanna, go nglacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, agus go dtabharfaidh siad fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras leictreonach fógraí dá dtagraítear in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2016/2031. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Dá bhrí sin, ba cheart tagairt d’Airteagal 37(1) a áireamh in Airteagal 104 de Rialachán (AE) 2016/2031, a bhaineann le fógraí i gcás lotnaidí a bheith | (13) Dá bhrí sin, ba cheart tagairt d’Airteagal ***37(10) den Rialachán sin,*** a bhaineann le fógraí i gcás lotnaidí a bheith ann, a áireamh in Airteagal 104 de |

| | |
|---|---|
| ann. | Rialachán (AE) 2016/2031. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ar mhaithe le soiléireacht agus trédhearcacht, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforáiltear do mhaoluithe den sórt sin. Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart go leagfaí amach leis na gníomhartha sin na bearta sealadacha [a bhfuil gá leo chun an riosca fíteashláintíochta faoi seach a laghdú go leibhéal inghlactha agus a cheadaíonn an t-am cuí chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na rioscaí lotnaidí uile, nach bhfuil measúnaithe go hiomlán fós i ndáil leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ar leith]. Leis sin, a luaithe a bheidh an measúnú faoi seach curtha i gcrích, i gcomhréir le prionsabail Roinn 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031, beifear in ann na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin a choinneáil i liosta na dtráchtearraí nó a bhaint de i gcomhréir le hAirteagal 40(3) nó Airteagal 41(3) de Rialachán (AE) 2016/2031. | (15) Ar mhaithe le soiléireacht, ***comhsheasmhacht*** agus trédhearcacht, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhforáiltear do mhaoluithe den sórt sin. Ar mhaithe le hiomláine, ba cheart go leagfaí amach leis na gníomhartha sin na bearta sealadacha ***agus comhréireacha*** [a bhfuil gá leo chun an riosca fíteashláintíochta faoi seach a laghdú go leibhéal inghlactha agus a cheadaíonn an t-am cuí chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na rioscaí lotnaidí uile, nach bhfuil measúnaithe go hiomlán fós i ndáil leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ar leith]. Leis sin, a luaithe a bheidh an measúnú faoi seach curtha i gcrích, i gcomhréir le prionsabail Roinn 2 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031, beifear in ann na plandaí, na táirgí plandaí nó na réada eile sin a choinneáil i liosta na dtráchtearraí nó a bhaint de i gcomhréir le hAirteagal 40(3) nó Airteagal 41(3) de Rialachán (AE) 2016/2031. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí nósanna imeachta a leagan amach a bheidh le comhlíonadh | (19) Ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, lena bhforlíontar an Rialachán seo trí nósanna imeachta a leagan amach a bheidh le comhlíonadh |

| | |
|---|---|
| chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú. Ba cheart go n-áireofaí na heilimintí seo a leanas ar fad sa nós imeachta sin: ullmhú, ábhar agus tíolacadh na sainchomhad faoi seach ag na tríú tíortha lena mbaineann; na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis na sainchomhaid sin a fháil; na nósanna imeachta maidir leis an measúnú riosca faoi seach a dhéanamh; sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil. Tá sé sin riachtanach toisc gur léir ón taithí a fuarthas go bhféadfadh nós imeachta sonraithe maidir le plandaí ardriosca a liostú trédhearcacht agus comhsheasmhacht a ráthú do na Ballstáit, do thríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann. | chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile ardriosca a liostú. Ba cheart go n-áireofaí na heilimintí seo a leanas ar fad sa nós imeachta sin: ullmhú, ábhar agus tíolacadh na sainchomhad faoi seach ag na tríú tíortha lena mbaineann; na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis na sainchomhaid sin a fháil; na nósanna imeachta maidir leis an measúnú riosca faoi seach a dhéanamh; sainchomhaid a bhaineann le rúndacht agus cosaint sonraí a láimhseáil. Tá sé sin riachtanach toisc gur léir ón taithí a fuarthas go bhféadfadh nós imeachta sonraithe maidir le plandaí ardriosca a liostú trédhearcacht agus comhsheasmhacht a ráthú do na Ballstáit, do thríú tíortha agus do na hoibreoirí gairmiúla lena mbaineann, ***agus ag an am céanna, go gcruthaíonn sé córas comhleanúnach éifeachtúil a fhreagraíonn ní hamháin do bhagairtí fíteashláintíochta, ach a éascaíonn comhoibriú idirnáisiúnta freisin agus a chuireann iompar eiticiúil agus trédhearcach chun cinn maidir le bainistiú riosca domhanda.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Foráiltear le hAirteagal 81(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 nach mbeidh aon phas plandaí riachtanach le haghaidh gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí nó réad eile a sholáthrófar go díreach d'úsáideoir deiridh, lena n-áirítear garraíodóirí baile. Ní bheidh feidhm ag an eisceacht sin, áfach, i gcás úsáideoirí deiridh a mbeidh na plandaí sin, na táirgí plandaí sin nó na réada eile sin á bhfáil acu trí bhíthin díolachán trí chianchonarthaí.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25b) Mar is léir ón taithí a fuarthas ó glacadh Rialachán (AE) 2016/2031, i gcásanna áirithe is iomchuí nár cheart pas plandaí a bheith ag gabháil le plandaí áirithe, táirgí plandaí áirithe nó réada áirithe eile, fiú má dháiltear iad trí chiandíolacháin. Dá bhrí sin, ba cheart go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gceadaítear dó foráil a dhéanamh nach mbeidh feidhm ag Airteagal 81(1), pointe (a), faoi choinníollacha áirithe, maidir le plandaí, táirgí plandaí nó réada eile ar leith a dháiltear trí bhíthin díolacháin trí chianchonarthaí.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 19 – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) in Airteagal 19, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***'7a. Déanfar na fógraí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus deireadh a chur leis na limistéir chríochaithe dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo tríd an gcóras leictreonach fógraí dá dtagraítear in Airteagal 103';*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 b (nua)**

Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 19 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:*** |
| | ***'Airteagal 19a*** |
| | ***An Fhoireann Éigeandála Sláinte Plandaí*** |
| | ***1. Cruthófar Foireann Éigeandála Sláinte Plandaí an Aontais ('an Fhoireann') a bheidh comhdhéanta de shaineolaithe chun cúnamh práinneach a chur ar fáil do na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh, maidir leis na bearta atá le déanamh de bhun Airteagail 10 go 19, Airteagal 27 agus Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2016/2031 a bhaineann le ráigeanna nua de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais agus lotnaidí atá faoi réir na mbeart a ghlactar de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin. Glacfaidh an Fhoireann páirt i gcleachtaí ionsamhlúcháin ar leibhéal an Aontais de bhun Airteagal 26 den Rialachán sin. I gcásanna a bhfuil údar maith leo, féadfaidh an Fhoireann cúnamh práinneach a chur ar fáil do thríú tíortha a bhfuil teorainn acu le críoch an Aontais nó a bhfuil gar-riosca fíteashláintíochta ag baint leo don chríoch sin, arna iarraidh sin dóibh, más gá, maidir le ráigeanna ina gcríocha de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais agus lotnaidí atá faoi réir na mbeart a ghlactar de bhun Airteagal 30 den Rialachán sin. I ngach cás ina dtabharfar cúnamh do Bhallstát nó do thríú tír, ceapfaidh an Coimisiún comhaltaí sonracha den Fhoireann, ar bhonn a gcuid saineolais, agus i gcomhairle leis an mBallstát sin nó leis an tríú tír sin lena mbaineann. Féadfar an méid seo a leanas, go háirithe, a bheith san áireamh sa chúnamh sin:*** |
| | ***(a) cúnamh eolaíoch, teicniúil agus bainistíochta ar an láthair nó go cianda i*** |

***ndáil le díothú na lotnaidí lena mbaineann, a leathadh a chosc agus bearta eile, i ndlúthchomhar agus i gcomhoibriú le húdaráis inniúla an Bhallstáit nó an tríú tír lena mbaineann ráigeanna lotnaidí nó amhras fúthu;***

***(b) comhairle eolaíoch shonrach maidir leis na modhanna diagnóiseacha oiriúnacha i gcomhar le saotharlann tagartha ábhartha an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 94 de Rialachán (AE) 2017/625 agus le saotharlanna tagartha eile, de réir mar is iomchuí;***

***(c) cúnamh sonrach chun tacú le comhordú i measc údaráis inniúla na mBallstát nó tríú tíortha agus leis na saotharlanna sin, de réir mar is iomchuí. Cinnfidh an Coimisiún ábhar, coinníollacha pleanála agus uainiú an chúnaimh sin i gcomhaontú leis an mBallstát nó leis an tríú tír lena mbaineann agus an Ballstát(Ballstáit) faoi seach a sheachadfaidh an saineolaí( saineolaithe).***

***2. Féadfaidh na Ballstáit an liosta saineolaithe a mholfaidh siad lena n-ainmniú ina gcomhaltaí den fhoireann a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus an liosta sin a choinneáil cothrom le dáta. Soláthróidh na Ballstáit, an tráth sin, an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an bpróifíl ghairmiúil agus an réimse saineolais do gach saineolaí a mholtar.***

***3. Beidh comhaltaí na foirne i dteideal slánaíocht as a rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí na foirne ar an láthair, agus i gcás inarb infheidhme, as a bheith ag feidhmiú ina gceannairí foirne nó ina rapóirtéirí ar cheist shonrach ón misean. Íocfaidh an Coimisiún an tslánaíocht sin, aisíocaíocht na gcostas taistil agus cothaithe i gcomhréir leis na rialacha maidir le haisíocaíocht speansas taistil, cothaithe agus speansas eile na saineolaithe.’***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunófar na cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta ar feadh tréimhse 10 ***mbliana, agus cuirfear síneadh leo agus de réir mar is gá déanfar iad a nuashonrú ina dhiaidh sin ar feadh tréimhsí breise 10 mbliana as a chéile.*** Rachaidh ***an chéad tréimhse in éag an 14 Nollaig 2029***.; | Beidh na cláir ilbhliantúla shuirbhéireachta bunaithe ar feadh tréimhse ***cúig go*** 10 mbliana. Déanfar ***na cláir a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn na rialacha is infheidhme agus staid fíteashláintíochta na críche lena mbaineann;*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 25 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25, mír 3:*** |
| 3. Féadfar pleananna teagmhais a chomhcheangal le haghaidh lotnaidí tosaíochta iolracha ag a bhfuil bitheolaíocht agus raon speiceas óstach comhchosúil acu. Sna cásanna sin, is é a bheidh sa phlean teagmhais cuid ghinearálta atá comónta do gach lotnaid tosaíochta a chumhdaítear ann agus codanna sainiúla le haghaidh gach ceann de na lotnaidí tosaíochta lena mbaineann. | "3. Féadfar pleananna teagmhais a chomhcheangal le haghaidh lotnaidí tosaíochta iolracha ag a bhfuil bitheolaíocht agus raon speiceas óstach comhchosúil acu. Sna cásanna sin, is é a bheidh sa phlean teagmhais cuid ghinearálta atá comónta do gach lotnaid tosaíochta a chumhdaítear ann agus codanna sainiúla le haghaidh gach ceann de na lotnaidí tosaíochta lena mbaineann. ***Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh na Ballstáit comhoibriú chun pleananna a shioncronú do speicis áirithe, nuair is iomchuí le haghaidh speicis tosaíochta lotnaidí a bhfuil bitheolaíocht chomhchosúil agus raonta forluiteacha nó tadhlacha acu."*** |

*Réasúnú*

*Méadaíonn an comhar éifeachtacht*

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 b (nua)**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 26 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) In Airteagal 26, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***"3a. I gcás inarb iomchuí, comhordóidh an Coimisiún cleachtaí ionsamhlúcháin ar leibhéal an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme pleananna teagmhasacha le haghaidh lotnaidí tosaíochta.*** |
| | ***Déanfar na cleachtaí sin maidir leis na lotnaidí tosaíochta go léir lena mbaineann laistigh de thréimhse réasúnta ama agus le rannpháirtíocht Fhoireann Éigeandála Sláinte Plandaí an Aontais agus páirtithe leasmhara ábhartha.*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar thorthaí na gcleachtaí ionsamhlúcháin ar leibhéal an Aontais a chur ar fáil don Pharlaimint.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 30 – pointe 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na bearta sin cuirfear chun feidhme ceann amháin nó níos mó de na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (g) den chéad fhomhír d'Airteagal 28(1) maidir | Leis na bearta sin cuirfear chun feidhme ceann amháin nó níos mó de na forálacha dá dtagraítear i bpointe (a) go pointe (g) den chéad fhomhír d'Airteagal 28(1) maidir |

| | |
|---|---|
| le gach lotnaid lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí. D'fhéadfaí a áireamh leo toirmeasc ar ***an lotnaid sin a bheith*** i gcríoch an Aontais agus/nó ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais.; | le gach lotnaid lena mbaineann, i gcás inarb iomchuí. D'fhéadfaí a áireamh leo toirmeasc ar an ***lotnaid a thabhairt isteach, a ghluaiseacht laistigh, a choinneáil, a iolrú nó a scaoileadh*** i gcríoch an Aontais agus/nó ceanglais maidir le tabhairt isteach agus gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais ***i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/829 ón gCoimisiún;*** |

*Réasúnú*

*Riachtanach chun a shoiléiriú go bhforáiltear leis an toirmeasc ar lotnaidí a bheith i gcríoch an Aontais freisin go bhféadfaí maoluithe a dheonú atá riachtanach chun taighde ábhartha nó gníomhaíochtaí pórúcháin a cheadú, mar shampla maidir le frithsheasmhacht nó lamháltais.*

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 37 – mír 10 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbeidh plandaí le haghaidh plandú tugtha isteach i gcríoch an Aontais, nó bogtha laistigh de, de ***shárú ar*** mhír 1, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear in Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2017/625 agus cuirfidh siad an ***sárú*** sin agus na bearta sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras leictreonach fógra agus tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 103. | I gcás ina mbeidh plandaí le haghaidh plandú tugtha isteach i gcríoch an Aontais, nó bogtha laistigh de, de ***neamhchomhlíonadh*** mhír 1 ***den Airteagal seo***, glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá, dá dtagraítear in Airteagal 66(3) de Rialachán (AE) 2017/625 agus cuirfidh siad an ***neamhchomhlíonadh*** sin agus na bearta sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras leictreonach fógra agus tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 103. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**

Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 42 a – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gur chuir an tríú tír lena mbaineann iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, ina bhfuil ráthaíochtaí oifigiúla i scríbhinn don iarratas ina críoch, roimh agus tráth déanta na hiarrata, ar na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta faoi seach; agus | (a) ***(i) go bhfuil fianaise faighte ag an gCoimisiún a thugann bonn cirt le maoluithe sealadacha a ghlacadh maille le ceanglais atá coibhéiseach nó níos déine ná na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 41, nó***<br><br>***(ii)*** gur chuir an tríú tír lena mbaineann iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin, ina bhfuil ráthaíochtaí oifigiúla i scríbhinn don iarratas ina críoch, roimh agus tráth déanta na hiarrata, ar na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta faoi seach; agus |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 42a – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) léirigh measúnú sealadach go bhfuil riosca ag baint leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile is féidir a laghdú go leibhéal inghlactha trí ***cheann amháin nó níos mó*** de na bearta a chur i bhfeidhm maidir leis an riosca fíteashláintíochta atá i gceist. | (b) léirigh measúnú sealadach go bhfuil riosca ag baint leis na plandaí, táirgí plandaí nó réada eile is féidir a laghdú go leibhéal inghlactha tríd na bearta ***is gá*** a chur i bhfeidhm maidir leis an riosca fíteashláintíochta atá i gceist. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 42a – mír 3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na gníomhaíochtaí a bheidh le déanamh tar éis na hiarrataí agus na sainchomhaid sin a fháil; | (b) na gníomhaíochtaí atá le déanamh tar éis na hiarrataí agus na sainchomhaid sin a fháil, ***lena n-áirítear comhairliúchán agus rannpháirtíocht EFSA maidir le measúnú a dhéanamh ar an riosca fíteashláintíochta a bhaineann le maolú sealadach iarrtha, agus le linn anailís a dhéanamh ar na bearta dá dtagraítear san iarraidh faoi seach ó na tríú tíortha lena mbaineann***; |

*Réasúnú*

*Sa réamhrá ar an togra reachtach, luaigh an Coimisiún nach ráthaítear i gcónaí rannpháirtíocht EFSA sa lá atá inniu ann; ba cheart idirghabhálacha fíteashláintíochta éigeandála a bheith bunaithe ar an eolaíocht láidir is fearr atá ar fáil.*

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 42a – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 42(2), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maoluithe sealadacha a ghlacadh ó na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 42(3), má ***chomhlíontar*** an dá cheann de na nithe seo a leanas: | De mhaolú ar Airteagal 42(2), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, maoluithe sealadacha a ghlacadh ó na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 42(3), má chomhlíontar an dá cheann de na ***coinníollacha*** seo a leanas: |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 71 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Sonrófar sa deimhniú | 2. Sonrófar sa deimhniú |

| | |
|---|---|
| fíteashláintíochta faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise', cé acu ceanglas sonrach atá á chomhlíonadh, cibé uair ar féidir rogha a dhéanamh idir roghanna éagsúla i leith ceanglas den sórt sin i gcomhréir leis na ngníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(2), Airteagal 41(2) agus (3), Airteagal 54(2) agus (3). San áireamh sa tsonraíocht sin beidh foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha.; | fíteashláintíochta faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise', cé acu ceanglas sonrach atá á chomhlíonadh, cibé uair ar féidir rogha a dhéanamh idir roghanna éagsúla i leith ceanglas den sórt sin i gcomhréir leis na ngníomhartha cur chun feidhme a glacadh de bhun Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(1) agus (3), Airteagal 37(2), Airteagal 41(2) agus (3), Airteagal 54(2) agus (3). San áireamh sa tsonraíocht sin beidh foclaíocht iomlán an cheanglais ábhartha ***agus, i gcás lotnaidí neamhchoraintín rialáilte, léiriú ar an rogha is infheidhme maidir leis an gcatagóir lena mbaineann, dá dtagraítear in Airteagal 37(7);*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 a (nua)**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 81 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(11a) in Airteagal 81, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** <br> ***'2a. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na cásanna a leagan amach nach bhfuil feidhm ag an bhforáil dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo maidir le plandaí, táirgí plandaí nó réada áirithe eile a dháiltear trí bhíthin díolachán trí chianchonarthaí. Féadfar coinníollacha áirithe maidir lena chur i bhfeidhm a shonrú sna gníomhartha cur chun feidhme sin. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 107(2).';*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 a (nua)**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 94 – mír 1 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) in Airteagal 94, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 1:*** |
| 1. De mhaolú ar Airteagal 87, i gcás ina dteastaíonn pas plandaí de bhun Airteagal 79(1) agus Airteagal 80(1) le go bhféadfaidh planda, táirge planda nó réad eile a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír gluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, eiseofar an pas i gcás ina ndearnadh na seiceálacha trí bhíthin rialuithe oifigiúla ***ag an bpost rialaithe teorann,*** maidir lena thabhairt isteach, a chomhlíonadh ar bhealach sásúil agus gurbh é a baineadh de thátal as na seiceálacha sin go gcomhlíonann an planda, an táirge planda nó an réad eile lena mbaineann na ceanglais shubstainteacha maidir le pas plandaí a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 85 agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 86. | 1. De mhaolú ar Airteagal 87, i gcás ina dteastaíonn pas plandaí de bhun Airteagal 79(1) agus Airteagal 80(1) le go bhféadfaidh planda, táirge planda nó réad eile a tugadh isteach san Aontas ó thríú tír gluaiseacht laistigh de chríoch an Aontais, eiseofar an pas i gcás ina ndearnadh na seiceálacha trí bhíthin rialuithe oifigiúla maidir lena thabhairt isteach, a chomhlíonadh ar bhealach sásúil agus gurbh é a baineadh de thátal as na seiceálacha sin go gcomhlíonann an planda, an táirge planda nó an réad eile lena mbaineann na ceanglais shubstainteacha maidir le pas plandaí a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 85 agus, i gcás inarb iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 86. ***Eiseofar an pas plandaí tráth nach déanaí ná an uair a aistreoidh an t-allmhaireoir laistigh den Aontas an planda, an táirge planda nó an réad eile lena mbaineann den chéad uair chuig oibreoir eile. Beidh allmhaireoir an phlanda, an táirge planda nó an réada eile lena mbaineann in ann toradh an rialaithe oifigiúil ábhartha a sholáthar arna iarraidh sin don údarás inniúil trí úsáid a bhaint as an gCóras Bainistíochta Faisnéise le haghaidh Rialuithe Oifigiúla (IMSOC/TRACES) faoin am a eisítear an pas plandaí.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 103 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh an Coimisiún córas leictreonach chun go ndéanfaidh na Ballstáit fógraí agus tuarascálacha a thíolacadh.; | Bunóidh an Coimisiún córas leictreonach ***a mbeidh rochtain éasca air*** chun go ndéanfaidh na Ballstáit fógraí agus tuarascálacha a thíolacadh.; |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Rialachán (AE) 2016/2031
Airteagal 104 – mír 1 – an chuid réamhráiteach – an chéad abairt

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha sonracha a leagan síos maidir le tíolacadh na bhfógraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2), Airteagal 11, Airteagal 17(3), Airteagal 18(6), Airteagal 19(2), Airteagal 28(7), an chéad fhomhír d'Airteagal 29(3), Airteagal 30(8), Airteagal 33(1), Airteagal 37(10), Airteagal 40(4), Airteagal 41(4), Airteagal 46(4), Airteagal 49(6), Airteagal 53(4), Airteagal 54(4), Airteagal 62(1), Airteagal 77(2) agus Airteagal 95(5). | Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha sonracha a leagan síos maidir le tíolacadh na bhfógraí dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus (2), Airteagal 11, Airteagal 17(3), Airteagal 18(6), Airteagal 19(2), ***Airteagal 19a***, Airteagal 28(7), an chéad fhomhír d'Airteagal 29(3), Airteagal 30(8), Airteagal 33(1), Airteagal 37(10), Airteagal 40(4), Airteagal 41(4), Airteagal 46(4), Airteagal 49(6), Airteagal 53(4), Airteagal 54(4), Airteagal 62(1), Airteagal 77(2) agus Airteagal 95(5). |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (11) ón ... [dáta sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (11) ón ... [dáta dhá mhí dhéag tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cuspóirí an togra:

Tá Rialachán (AE) 2016/2031 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí infheidhme ina iomláine ó mhí na Nollag 2019 i leith. Áirítear leis aicmiú agus liostú lotnaidí rialáilte; ceanglais a bhaineann le plandaí áirithe, táirgí plandaí áirithe agus réada áirithe eile a thabhairt isteach/a ghluaiseacht laistigh den Aontas; bearta chun lotnaidí a dhíothú. Tá roinnt ceanglais tuairiscithe ar na Ballstáit sa Rialachán freisin. Baineann na ceanglais sin go háirithe le limistéir chríochaithe agus le suirbhéanna ar lotnaidí coraintín de chuid an Aontais, lotnaidí tosaíochta agus lotnaidí coraintín criosanna cosanta. In éineacht le Rialachán (AE) 2017/625, lenar áiríodh den chéad uair sláinte plandaí faoi chuimsiú an Rialacháin Eorpaigh maidir le rialuithe oifigiúla, is é Rialachán (AE) 2016/2031 atá mar bhonn leis an gcóras fíteashláintíochta atá ann faoi láthair chun críoch an Aontais a chosaint ar thabhairt isteach agus leathadh lotnaidí plandaí.

Le hAirteagail 50 agus 79(6) de Rialachán (AE) 2016/2031, déantar foráil go gcuirfidh an Coimisiún tuarascálacha isteach maidir le cur chun feidhme agus éifeachtacht na mbeart allmhairiúcháin, chomh maith leis an taithí a fuair oibreoirí as an bpas plandaí a leathnú chuig gach planda le haghaidh plandú. Ar bhonn na dtuarascálacha sin, a cuireadh i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus a pléadh leis na Ballstáit, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún feabhas a chur ar bhearta éagsúla cur chun feidhme de bheartas fíteashláintíochta an Aontais, a bhaineann leis an ngá atá leis an méid seo a leanas:

1) Dearbhuithe sa deimhniú fíteashláintíochta le haghaidh lotnaidí neamhchoraintín rialáilte,
2) Fógraí maidir le neamhchomhlíonadh na rialacha is infheidhme maidir le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte sa chóras leictreonach fógraí (córas bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla, SGICO),
3) Rialacha nós imeachta maidir le cur isteach agus scrúdú iarrataí ar eisceachtaí sealadacha ar thoirmisc allmhairiúcháin arna gcur isteach ag tíortha nach Ballstáit den Aontas iad,
4) Nósanna imeachta chun plandaí ardriosca a chinneadh agus a liostú,
5) Cuíchóiriú na hoibleagáide pas fíteashláintíochta a chur ar phlandaí áirithe.

Bunaithe ar an aiseolas ó na Ballstáit agus ó pháirtithe leasmhara ábhartha, agus i gcomhréir lena Theachtaireacht maidir le 'hIomaíochas fadtéarmach an Aontais', molann an Coimisiún freisin cuid de na ceanglais tuairiscithe a shimpliú agus a dhigitiú. Molann sé freisin córas leictreonach a bhunú chun go ndéanfaidh na Ballstáit fógraí agus tuarascálacha a thíolacadh.

Seasamh an Rapóirtéara:

Aithníonn an Rapóirtéir oiriúnacht na n-athruithe teicniúla atá beartaithe, nach modhnaíonn an treoshuíomh polaitiúil den bhun-Rialachán. Is oth léi, áfach, gur chuir an Coimisiún moill ar a gcur i láthair go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023, rud a chuireann brú ama ar obair pharlaiminteach ag an tréimhse 'deireadh téarma'.

Measann an Rapóirtéir, thairis sin, gurb iomchuí leas a bhaint as an togra seo le haghaidh leasú ar Rialachán (AE) 2016/2031 chun roinnt athruithe breise a thabhairt isteach, nó chun

na hathruithe sin atá beartaithe a threisiú, amhail:

- Airteagal 19a nua a áireamh ar Fhoireann Éigeandála Sláinte Plandaí, cosúil lena bhfuil ann cheana i réimse na sláinte ainmhithe, chun cúnamh a sholáthar don Bhallstát nó don tríú tír a iarrann sin i gcás lotnaide laistigh de raon feidhme an Rialacháin seo.

- Tréimhse ó chúig go deich mbliana a bhunú do chláir chuardaigh ilbhliantúla, faoi réir a n-athbhreithnithe agus a dtabhairt cothrom le dáta bunaithe ar staid fíteashláintíochta na críche lena mbaineann.

- Na forálacha a bhaineann le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte (RNQPanna) a neartú sa dearbhú breise a ghabhann leis an deimhniú fíteashláintíochta tríd an oibleagáid a chur leis an gcatagóir shonrach lena mbaineann an toirmeasc a lua.

- Leathnú a dhéanamh ar úsáid an chórais leictreonaigh fógraí dá bhforáiltear in Airteagal 103 den Rialachán.

## IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir, faoina freagracht eisiach, nach bhfuair sí ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cláir shuirbhéireachta ilbhliantúla, fógraí i ndáil le lotnaidí neamhchoraintín rialáilte a bheith ann, maoluithe sealadacha ar thoirmisc allmhairithe agus ceanglais speisialta allmhairiúcháin agus nósanna imeachta a bhunú chun iad a dheonú, ceanglais shealadacha allmhairiúcháin do phlandaí ardriosca, táirgí plandaí agus réada eile, nósanna imeachta a bhunú chun plandaí ardriosca a liostú, inneachar deimhnithe fíteashláintíochta, pasanna plandaí a úsáid agus maidir le ceanglais tuairiscithe áirithe do limistéir línithe agus suirbhéanna lotnaidí |
| **Tagairtí** | COM(2023)0661 – C9-0391/2023 – 2023/0378(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 18.10.2023 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>20.11.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>20.11.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | ENVI<br>20.11.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Clara Aguilera<br>12.12.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 24.1.2024 |
| **Dáta an ghlactha** | 13.2.2024 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 1<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Attila Ara-Kovács, Benoît Biteau, Franc Bogovič, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Ivan David, Jérémy Decerle, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Norbert Lins, Maria Noichl, Juozas Olekas, Bronis Ropė, Katarína Roth Neveďalová, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosanna Conte, Jan Huitema, Peter Jahr, Benoît Lutgen, Cristina Maestre Martín De Almagro, Michaela Šojdrová, Achille Variati, Emma Wiesner |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Stefania Zambelli |

| | |
|---|---|
| **Dáta don chur síos** | 15.2.2024 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Rosanna Conte, Paola Ghidoni |
| NI | Dino Giarrusso, Katarína Roth Neveďalová |
| PPE | Franc Bogovič, Daniel Buda, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Peter Jahr, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Benoît Lutgen, Anne Sander, Michaela Šojdrová, Stefania Zambelli, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Jérémy Decerle, Jan Huitema, Elsi Katainen, Emma Wiesner |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Isabel Carvalhais, Cristina Maestre Martín De Almagro, Maria Noichl, Juozas Olekas, Achille Variati |
| The Left | Luke Ming Flanagan |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 1 | - |
|---|---|
| ID | Ivan David |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Krzysztof Jurgiel |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh